**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161 BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**



Deoise na Gaillimhe
Oilithreacht na bliana go dtí Cnoc Mhuire
**Dé Domhnaigh 17ú Bealtaine**
Bus ón :
**Ard Eaglais**
Gaillimh 11.00 r.n. ar ais ag fágáil
Cnoc Mhuire: 5.15 i.n.

Tuille Eolas: 087 2048497 nó 087 7573944
knockgkk@gmail.com

**Oilithreacht na Deoise go Lourdes**
**29 Meitheamh 2026**

Féach **Clár na bhFógraí.**
Óstán €995 pps.
Airithintí/Eolas: Joe Walsh Tours,
Fón:01-2410800
**Foirmeacha ar fáil Oifig an Pharóiste**



**Céad Comaoineach 2026**
Comhghairdeas le gasúr Rang 2, Scoil Cholmcille, Ros a'Mhíl lena dtuismitheoirí a gcuid teaghlach, agus lena muinteoirí agus foireann na scoile.

An-áthas, lúchair agus bród ar gach duine a bhí páirteach ina réiteach.



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach @ 6.00i.n.**
***Fáilte roimh cách***

**AR DÍOL AR MHAITHE LE CÚRSAÍ CARTHANACHTA**

Adhmad stálaithe, gearrtha suas le haghaidh sorn

Cruach bheag móna

Ceantar an Spidéil

Féadfar glao nó téacs a chur chuig 085 8008205

(tráthnóna is fearr)



# Paróiste An Spidéil
## 6ú Domhnach den Cháisc
9ú/10ú Bealtaine 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

### ⌖ Cill Éinde, An Spidéal

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 10ú | 11.00r.n. | Mattie Keady **Céad Cuimhneachán** Seán Ó Céidigh, a bhean Áine & iníon Patricia *Bothúna/Poll*<br>Michael Walsh **Céad Cuimhneachán** a dhearthair Pádraic & muintir ar *fad* *Bothúna/Seanamhóinín*<br>Mary Kirwan *Baile an Chaisleáin, Co. Laois*<br>Bríd Ní Chonghaile (Patch Nella) *Cré Dhubh* |
| Dé Céadaoin | 13ú | 10.00r.n. | |
| Déardaoin | 14ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* |
| Dé hAoine | 15ú | 10.00r.n. | |
| Dé Domhnaigh | 17ú | 11:00r.n. | Maureen Mc Intyhre **Aifreann Chinn Mhíosa** *Baile Éamoinn*<br>Peig Bn Uí Fháthartha *Liopa*<br>Máirtín O Conaire *Liopa*<br>Muintir Uí Fhláthartha & Éanna Ó Flátharta a fuair bás le gairid *Spidéal/Baile Átha Cliath* |

### ⌖ Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Sathairn | 9ú | 6.30i.n.. | ***Céad Comaoineach Scoil Cholmcille.***<br>Kate Mhic Dhonnacha **4ú Cuimhneacháin** Barr Roisín |
| Dé Sathairn | 16ú | 6:30i.n. | Muintir Uí Neachtain, Beartla Ó Neachtain & Ellen, mac Cuimin, Michael & Pádraic, iníonacha Barbra, Máire, Catherine, & Pat Breathnach & muintir Breathnach, muintir Dillon agus muintir Bohan. *Ros a'Mhíl* |

### ⌖ Cill Mhuire, Na Minna

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 10ú | 9:30am | Tom & Sally Dillane *Minna* |
| Dé Domhnaigh | 17ú | 9:30am | |

**Loinneog don Iontróid** – cf. Ís 48:20
Tógaigí na gártha áthais; tugadh cách cluas daoibh. Fógraigí ar fud an domhain mhóir é: d'fhuascail an Tiarna a mhuintir. Alleluia.

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia uilechumhachtaigh, tá na laethanta áthais seo tíolactha againn in onóir aiséirí ár dTiarna; deonaigh go ndéanfaimid iad a cheiliúradh le dícheall croí; go leanaimid i gcónaí ó ghníomh a bhfuil á fheiceáil againn le súil na cuimhne. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as Gníomhartha na nAspal 8:5-8, 14-17*
Ar dhul síos go cathair na Samáire do Philib, rinne sé Críost a sheanmóir dóibh. Agus thug na daoine aird d'aon-toil ar na nithe a dúirt Pilib, iad ag éisteacht, agus ag tabhairt faoi deara na míorúiltí a rinne sé. Óir mórán acu sin ina mbíodh spioraid neamhghlana, théadh siad amach astu, agus iad ag scairteadh de ghuth ard. Agus leigheasadh mórán de lucht an ghalair chreathaigh agus de dhaoine bacacha. Ar an ábhar sin, tharla áthas mór ar fud na cathrach sin.
Agus nuair a chuala na haspail a bhí i Iarusailéim gur ghlac an tSamáir briathar Dé, chuir siad Peadar agus Eoin chucu. Agus nuair a tháinig siadsan, ghuigh siad ar a son, chun go bhfaigheadh siad an Spiorad Naomh. Óir níor tháinig sé go fóill ar aon neach acu: ach ní raibh siad ach baiste in ainm an Tiarna Íosa. Ansin chuir siad a lámha orthu, agus fuair siad an Spiorad Naomh.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 65

*Fr: Déanaigí gairdeas do Dhia, a thíortha uile.*

1. Déanaigí gairdeas do Dhia, a thíortha uile,
canaigí clú a ainm.
Tugaigí moladh mórghlórach dó.
Abraigí le Dia: 'Nach éachtach iad d'oibreacha.*(Fr)*

2. Adhrann an talamh uile thú,
canann sí duit, canann sí do d'ainm.
Tagaigí agus féachaigí oibreacha Dé,
na héachtaí a rinne sé i measc na ndaoine. *(Fr)*

3. Chlaochlaigh sé an mhuir ina talamh thirim;
chuathas de chois thar an abhainn.
Dá bhrí sin déanaimis lúcháir!
Rialaíonn sé lena chumhacht go síoraí. *(Fr)*

4. Sibhse uile ar a bhfuil eagla Dé, tagaigí, éistigí,
is inseoidh mé daoibh faoina ndearna sé dom.
Go mba bheannaithe é Dia
nár thug an diúltú do mo ghuí,
is nár tharraing siar a bhuanghrá uaim. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as céadlitir N. Peadar – 3:15-18*
A chlann ionúin, molaigí Críost in bhur gcroí istigh. Bígí réidh i gcónaí le freagra a thabhairt ar gach duine a chuireann tuairisc i dtaobh an dóchais atá agaibh. Ach tugtar go múinte mánla é, de choinsias glan, ionas go gcuirfear as a mbuille lucht bhur gclúmhillte a dhéanann béadán oraibh faoi fheabhas bhur mbeatha i gCríost. Óir nach fearr fulaingt de chionn na maitheasa – más amhlaidh sin is toil le Dia – ná fulaingt de chionn an oilc?
Go fiú Críost féin, fuair sé bás an t-aon uair amháin i ngeall ar pheacaí – an fíréan thar ceann na neamhfhíréan – lenár dtabhairt i láthair Dé. Básaíodh é sa cholainn ach rinneadh beo sa spiorad é.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
'Má bhíonn grá ag duine dom, coinneoidh sé mo briathar, agus beidh grá ag m'Athair dó, agus tiocfaimid chuige,' a deir an Tiarna.
**Alleluia!**

**Soiscéal**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin 14:15-21*
Dúirt Íosa lena dheisceabail:
'Má tá grá agaibh dom,
coinneoidh sibh m'aitheanta.
agus iarrfaidh mé ar m'Athair é,
agus tabharfaidh sé Cabhróir eile daoibh
chun fanacht faraibh go deo –
Spiorad na Fírinne,
nach féidir don saol a ghlacadh,
mar ní fheiceann sé é ná ní aithníonn é.
Ach aithníonn sibhse é
mar fanann sé faraibh, agus tá sé ionaibh.
Ní fhágfaidh mé in bhur ndílleachtaí sibh;
tiocfaidh mé ar ais chugaibh.
Tamall beag eile agus siúd é an saol
agus gan radharc aige ormsa feasta;
ach tá radharc agaibhse orm,
óir táimse beo agus beidh sibhse beo chomh maith.
An lá sin aithneoidh sibh go bhfuilimse i m'Athair,
agus go bhfuil sibhse ionamsa, agus mise ionaibh.
An té a bhfuil m'aitheantasa aige agus a
choinníonn iad, sin é an té a bhfuil grá aige dom.
An té a bhfuil grá aige dom,
beidh grá ag m'Athair dó,
agus beidh grá agam dó,
agus taispeánfaidh mé mé féin dó.'
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

**Os Cionn na nOfrálacha**
Go dté ár n-urnaithe suas chugat, a Thiarna, mar aon leis na híobairtí a ofrálaimid duit. Glan sinn le barr cineáltais agus cuir in oiriúint sinn do shacraimintí do dhílseachta gan teorainn. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

*Rúndiamhair an chreidimh.*
**Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.**

**Iarchomaoineach**
Tabhair do chabhair lách do do phobal, impímid ort, a Thiarna. Stiúir ón seanchleachtadh anonn chun na beatha nua an mhuintir a shásaigh tú leis na rúndiamhra neamhaí. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**
Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**

**Aireacht Catechist agus Ord an Diaconachta Bhuan.**
Má airíonn tú go nglaofar ort Íosa a leanacht mar shagart deoiseach in aon cheann de na deoisí, gabh i dteagmháil leis an Athair Hugh Clifford, Ríomhphost: catechistsdeacons@clonfertgalway.ie
Nó 091637154, roimh 31 Bealtaine 2026